Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2024
(OR. en)

10783/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0137 (NLE)**

TRANS 283
RELEX 769

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar an 29 Meitheamh 2022 |

COMHAONTÚ
IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN ÚCRÁIN
LENA LEASAÍTEAR AN COMHAONTÚ
IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN ÚCRÁIN
MAIDIR LE hIOMPAR LASTA DE BHÓTHAR
AN 29 MEITHEAMH 2022

AN tAONTAS EORPACH, dá ngairtear 'an tAontas' freisin anseo feasta,

de pháirt,

agus

AN ÚCRÁIN,

den pháirt eile,

a ngairfear 'Páirtí' ar gach ceann díobh, agus a ngairfear 'Páirtithe' orthu i bhfochair a chéile, anseo feasta,

Á AITHINT DÓIBH gur léiríodh go bhfuil an Comhaontú ríthábhachtach idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hIompar Lasta de Bhóthar an 29 Meitheamh 2022 ('an Comhaontú') don Úcráin, agus é ag tacú le sochaí agus geilleagar na hÚcráine trí chead a thabhairt d'oibreoirí tarlaithe de bhóthar an Aontais agus na hÚcráine oibríochtaí iompair lasta a dhéanamh chuig críoch na hÚcráine agus tríthi chuig an Aontas agus vice versa, agus ar an gcaoi sin ag tacú freisin leis na Lánaí Dlúthpháirtíochta don Úcráin,

Á CHUR SAN ÁIREAMH go bhfuil na héifeachtaí atá aige fós dearfach don Aontas Eorpach freisin, go háirithe maidir le honnmhairí an Aontais chuig an Úcráin,

Á AITHINT DÓIBH go bhfuil na dálaí lena dtugtar údar le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe fós i réim, go háirithe an suaitheadh nach beag atá le sárú ag earnáil an iompair san Úcráin tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine,

Á THABHAIRT DÁ nAIRE gur thángthas ar an gconclúid ag an gcruinniú den Chomhchoiste a tionóladh an 18 Nollaig 2023 go gcomhlíonann an Comhaontú an cuspóir atá beartaithe dó agus go bhfuil na bundálaí lena dtugtar údar leis an gComhaontú fós bailí,

Á nATHDHEARBHÚ DÓIBH a thábhachtaí atá sé, dá bhrí sin, go seasfadh an dá Pháirtí leis an gComhaontú agus go ndéanfadh siad bearta éifeachtacha chun feidhmiú cuí an Chomhaontaithe a áirithiú, lena n-áirítear maidir le deireadh a chur le bacainní ar shaorghluaiseacht, go háirithe ag pointí trasnaithe teorann, i gcomhréir le teorainneacha an Chomhaontaithe seo agus laistigh díobh; áirítear leis sin na bearta is gá chun cosc a chur ar bhacainní ó ghníomhaíochtaí daoine aonair príobháideacha,

Á THABHAIRT DÁ nAIRE, áfach, gur thug na Páirtithe dá n-aire freisin ag cruinniú an Chomhchoiste roinnt saincheisteanna a eascraíonn as cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme an Chomhaontaithe agus as an tionchar a d’fhéadfadh a bheith aige ar an leibhéal áitiúil ar earnáil an iompair de bhóthar san Aontas Eorpach,

Á AITHINT DÓIBH dá réir sin nach gá ach athruithe teoranta a dhéanamh ar an gComhaontú chun a fhorfheidhmiú a éascú agus a chur chun feidhme a neartú,

Á AITHINT DÓIBH maidir leis na ceadúnais tiomána uile atá imithe in éag a eisíodh san Úcráin agus atá imithe in éag ó tháinig an Comhaontú i bhfeidhm, gur cuireadh síneadh leo i gcomhréir le Foraithne Uimh. 184 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine a glacadh an 3 Márta 2022,

Á AITHINT DÓIBH, i gcás ina nglacfaidh an Úcráin bearta nua amach anseo chun síneadh a chur le bailíocht riaracháin dhoiciméid tiománaithe, go bhfuil sé tábhachtach údaráis inniúla uile na mBallstát a chur ar an eolas go tráthúil,

AR A BHEITH DE RÚN DAINGEAN ACU é a dhéanamh éasca na húdaruithe dá dtagraítear in Airteagal 3(2) den Chomhaontú a fhíorú cois bóthair,

AR A BHEITH DE RÚN DAINGEAN ACU é a dhéanamh níos éasca a fhíorú cois bóthair an bhfuil oibreoirí tarlaithe de bhóthar ag déanamh oibríochtaí tarlaithe de bhóthar atá ceadaithe faoi Airteagal 4 den Chomhaontú,

Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR ACU GO gceadaítear le hAirteagal 4(d) den Chomhaontú, go háirithe, turais neamhualaithe má dhéantar iad i gcomhar le turas eile dá dtagraítear in Airteagal 4(a) go (c) den Chomhaontú,

Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR ACU gur cheart é a bheith mar chuspóir ag aon cheanglais bhreise rialú an Chomhaontaithe, agus dá bhrí sin forfheidhmiú an Chomhaontaithe, ag na húdaráis náisiúnta a éascú, d'fhonn tionchar na rialuithe ar shreabha iompair a íoslaghdú,

Á THABHAIRT DÁ nAIRE, ar an gcaoi chéanna, go n-éascófar rialú an Chomhaontaithe agus, dá bhrí sin, forfheidhmiú an Chomhaontaithe ag údaráis náisiúnta trí ghreamán a chur ar fheithiclí a dhéanann oibríochtaí iompair de bhóthar faoin gComhaontú,

Á AITHINT DÓIBH gur cheart do na Páirtithe faireachán a dhéanamh ar a n-oibleagáidí faoin gComhaontú a bheith á gcomhlíonadh ag oibreoirí tarlaithe de bhóthar chun gur féidir an Comhaontú a chur chun feidhme i gceart agus forfheidhmiú leordhóthanach an Chomhaontaithe a áirithiú, agus chun na críche sin, gur cheart do na Páirtithe faisnéis ábhartha maidir le ciontuithe agus bearta leantacha a chur in iúl dá chéile,

Á AITHINT DÓIBH freisin gur cheart, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, oibreoirí nach gcomhlíonann a n-oibleagáidí faoin gComhaontú a eisiamh ón bhféidearthacht leas a bhaint as na cearta a leagtar síos sa Chomhaontú,

Á AITHINT DÓIBH, ós rud é gurb ann fós do na dálaí a d'fhág go raibh gá leis an gComhaontú, gur gá síneadh a chur lena bhailíocht go dtí an 30 Meitheamh 2025,

ÓS MIAN LEO gur gá suaitheadh nach bhfuil gá leis ar shreafaí trádála a sheachaint agus gur gá ualaí riaracháin breise a sheachaint, is tráthúil athnuachan intuigthe a cheadú ar feadh tréimhse 6 mhí eile ar choinníoll nach ionann an Comhaontú agus mórshuaitheadh ar an margadh iompair de bhóthar ina iomláine a bhaineann le ceann de na Páirtithe, mar thoradh ar an gComhaontú agus mar a shainmhínítear sa Chomhaontú leasaitheach seo, agus go bhfuil cuspóirí an Chomhaontaithe fós á gcomhlíonadh,

Á AITHINT DÓIBH gur gá comhlacht teicniúil sonrach a bhunú faoi údarás an Chomhchoiste chun cur chun feidhme praiticiúil an Chomhaontaithe a éascú, go háirithe maidir leis na forálacha nua atá sa Chomhaontú leasaitheach seo,

Á THABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH an gá a d'fhéadfadh a bheith ann freagairt do mhórdheacrachtaí áitiúla nó réigiúnacha a d'fhéadfadh a bheith roimh oibreoirí iompair de bhóthar ceann de na Páirtithe mar thoradh ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

AIRTEAGAL 1

Leasuithe ar an gComhaontú

Leasaítear an Comhaontú mar a leanas:

(1) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Cuirfidh an Úcráin an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit ar an eolas faoi aon bheart arna ghlacadh tar éis an 23 Feabhra 2022 chun síneadh a chur le bailíocht riaracháin na ndoiciméad tiomána arna n-eisiúint ag an Úcráin. Tabharfar an fógra sin trí bhealaí taidhleoireachta agus trí mhodhanna leictreonacha araon mar a shainmhínítear in Airteagal 5a(6).’;

(2) cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

‘AIRTEAGAL 5A

An oibleagáid an t-údarú a iompar san fheithicil

1. Iompróidh tiománaithe san fheithicil, i bhformáid pháipéir, cóip dheimhnithe nó sliocht deimhnithe den údarú chun iompar idirnáisiúnta earraí de bhóthar dá dtagraítear in Airteagal 3(2) a dhéanamh.

2. Samhail den chóip dheimhnithe nó den sliocht deimhnithe den údarú, déanfaidh gach Páirtí í a thaisceadh leis an gComhchoiste chun í a chur ar aghaidh chuig údaráis inniúla náisiúnta na bPáirtithe, lena húsáid i rialú cois bóthair. San údarú beidh an fhaisnéis ábhartha uile lenar féidir rialú éifeachtach cois bóthair a dhéanamh, lena n-áirítear ainm an údaráis inniúil nó an chomhlachta inniúil a eisíonn an t-údarú, uimhir na cóipe deimhnithe nó uimhir an chlárúcháin, sainaithint an oibreora tarlaithe de bhóthar, lena n-áirítear ainm nó ainm gnó agus seoladh iomlán, na dátaí eisiúna agus na dátaí bailíochta, agus próiseas fíordheimhniúcháin i scríbhinn nó i bhfoirm dhigiteach, amhail séala agus síniú nó cód QR. Measfar go mbeidh bailíocht bhuan ag údarú nach bhfuil dáta bailíochta aige. I gcás oibreoirí tarlaithe de bhóthar atá bunaithe san Aontas Eorpach, is í an tsamhail a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] a bheidh i samhail an údaraithe.

3. Coimeádfaidh an Úcráin agus gach Ballstát den Aontas Eorpach clár leictreonach náisiúnta d'oibreoirí tarlaithe de bhóthar.

4. Beidh rochtain ag údaráis inniúla Bhallstáit an Aontais Eorpaigh ar chlár leictreonach na hÚcráine d'oibreoirí tarlaithe de bhóthar trí shuíomh gréasáin atá ar fáil go poiblí, lenar féidir a fhíorú go bhfuil an fheithicil atá á rialú á húsáid ag oibreoir tarlaithe de bhóthar atá údaraithe chun iompar idirnáisiúnta earraí de bhóthar a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 3(2). Féadfaidh an Comhchoiste, i gcomhréir le hAirteagal 7(5), bearta breise is gá a ghlacadh chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme. Féadfaidh sí, go háirithe, de réir mar is gá, rialacha mionsonraithe a ghlacadh maidir leis na módúlachtaí i ndáil le malartú faisnéise a bhaineann le fíorú tráthúil bharántúlacht agus bhailíocht na n-údaruithe, chun forfheidhmiú a éascú tuilleadh, mar shampla trí sheiceálacha uathoibrithe.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar (IO AE L 300, 14.11.2009, lch. 72).

5. Féadfar an malartú faisnéise faoi mhír 4 den Airteagal seo a dhéanamh trí nasc na hÚcráine leis an gClár Eorpach de Ghnóthais Iompair de Bhóthar (ERRU), nó le codanna de, arna bhunú faoi Airteagal 16(5) agus (6) de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]. Sa chás sin, déanfaidh an Comhchoiste bearta chun na sonraíochtaí teicniúla agus nós imeachta a ghlacadh, de réir mar is iomchuí, maidir le bunú nasc agus úsáid ERRU, nó codanna de, ag an Úcráin.

6. Ainmneoidh an Úcráin agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh pointí teagmhála náisiúnta agus bunóidh siad boscaí ríomhphoist lenar féidir faisnéis a mhalartú idir údaráis náisiúnta na bPáirtithe.

AIRTEAGAL 5B

Seirbhísí iompair de bhóthar a rialú

1. Tiománaithe a théann amach as a bPáirtí bunaíochta agus a théann isteach i gcríoch an Pháirtí eile le feithicil neamhualaithe i gcomhréir le hAirteagal 4(d), ní mheasfar go gcomhlíonann siad an fhoráil sin ach amháin más féidir leo doiciméid ábhartha a sholáthar ina bhfuil faisnéis lena ndeimhnítear go ndéantar an turas i gcomhar le hoibríocht eile a cheadaítear leis an gComhaontú seo faoi Airteagal 4(a) go (c). Chun na críche sin, iompróidh siad san fheithicil doiciméid lena ndeimhnítear go bhfuil conradh iompair nó iarraidh ar iompar, arna síniú go cuí ag an iompróir, ann cheana féin.

2. Beidh ainm, seoladh agus sonraí teagmhála an tseoltóra go háirithe sa chonradh, nó san iarraidh ar iompar arna síniú go cuí ag an iompróir dá dtagraítear i mír 1.

1 Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh agus lena n aisghairtear Treoir 96/26/CE ón gComhairle (IO AE L 300, 14.11.2009, lch. 51).

3. Ní mheasfar go gcomhlíonann oibríochtaí tarlaithe de bhóthar a dhéanfar faoin gComhaontú seo Airteagal 4 ach amháin más rud é, ar a mbealach ar ais chuig a bPáirtí bunaíochta, gur féidir leis an oibreoir tarlaithe de bhóthar fianaise shoiléir a sholáthar go bhfuil na hoibríochtaí agus na turais a dhéantar ar chríoch an Pháirtí eile, ar chríoch tríú tír nó ar chríoch an Pháirtí chéanna teoranta d'oibríochtaí déthaobhacha nó idirthurais a údaraítear faoi Airteagal 4. I gcás ina mbeidh athrú ar chineál na n-earraí atá le hiompar nuair a shroichfidh an t-oibreoir tarlaithe de bhóthar an ceann scríbe, deimhneoidh an seoltóir é le doiciméad iomchuí a bheidh le déanamh san fheithicil ag an oibreoir tarlaithe de bhóthar. I gcás iompar earraí de thionscnamh tíre eile seachas an tír ina bhfuil an áit luchtaithe, beidh an áit luchtaithe sin inaitheanta go soiléir le doiciméad iomchuí. I gcás feithiclí neamhualaithe a fhilleann ar Pháirtí bunaíochta an oibreora tarlaithe de bhóthar, ní mór dó a bheith in ann a chruthú gur imigh na feithiclí as críoch a Pháirtí bunaíochta agus iad ualaithe.

4. Féadfar a áireamh ar an bhfianaise dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo billí luchta, nótaí coinsíneachta, dearbhuithe custaim lastais, Carnets um Iompar Idirnáisiúnta Earraí de Bhóthar agus taifid tacagraif, ar cheart a mheas gur fianaise leordhóthanach aon cheann acu. Déanfar iad a thíolacadh nó a tharchur chuig údarás rialaithe inniúil an Pháirtí rialaithe arna iarraidh sin agus laistigh d'fhad na seiceála cois bóthair. Féadfar í a chuir faoina bhráid nó a tharchur chuige go leictreonach, trí úsáid formáid struchtúrtha is féidir a athbhreithniú agus is féidir a úsáid go díreach le haghaidh stórála agus próiseála ar ríomhairí, amhail nóta coinsíneachta leictreonach (e-CMR) faoi Phrótacal Breise na Ginéive a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir leis an gConradh maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí de Bhóthar (CMR) a bhaineann le Nóta Coinsíneachta Leictreonach an 20 Feabhra 2008. Le linn na seiceála cois bóthair, ceadófar don tiománaí dul i dteagmháil leis an oibreoir tarlaithe de bhóthar nó le haon duine nó eintiteas eile chun fianaise ar bith dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a chur ar fáil roimh dheireadh na seiceála cois bóthair.

5. Ní bheidh na rialuithe a dhéanfar faoin Airteagal seo córasach, go háirithe ag teorainneacha, agus eagrófar iad sa chaoi is go n-íoslaghdófar an tionchar ar na sreabha iompair agus, in aon chás, go gcoiscfear aon chur isteach ar na sreabha sin.

6. Beidh feidhm ag na forálacha faoin Airteagal seo go heisiach maidir leis na hoibríochtaí a dhéanfar ar bhonn an Chomhaontaithe seo. Tá siad gan dochar do na rialacha agus do na ceanglais is infheidhme maidir leis na hoibríochtaí a dhéantar ar bhonn ionstraimí idirnáisiúnta eile iompair de bhóthar, go háirithe faoi rialacha Chomhdháil Eorpach na nAirí Iompair (ECMT), agus sa chás sin ceanglófar ar an tiománaí an cead ábhartha a chur ar fáil.

## AIRTEAGAL 5C

### Greamán

1. Feithiclí a dhéanann oibríochtaí iompair de bhóthar faoin gComhaontú seo, beidh greamán ar an ngaothscáth a bheidh infheicthe agus inaitheanta go soiléir. Beidh an greamán sin ag freagairt don tsamhail a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

2. Cuirfear in iúl, i gcás oibreoirí tarlaithe de bhóthar atá bunaithe san Úcráin agus san Aontas Eorpach araon, agus an greamán dá dtagraítear faoi mhír 1 á iompar acu, gur féidir leo tairbhe a bhaint as na cearta a dheonaítear faoin gComhaontú seo agus gur féidir leo oibríochtaí a cheadaítear faoin gComhaontú seo faoi Airteagal 4 a dhéanamh. Measfar nach gcomhlíontar forálacha an Chomhaontaithe seo nuair nach ndéantar an greamán a iompar le linn oibríochtaí tarlaithe de bhóthar a dhéanamh faoin gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 5D

Comhlíontacht na n-oibreoirí tarlaithe de bhóthar

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla i ngach Páirtí faireachán ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann oibreoirí tarlaithe de bhóthar atá údaraithe chun oibríochtaí tarlaithe de bhóthar a dhéanamh faoin gComhaontú seo a n-oibleagáidí.

2. Déanfaidh na húdaráis inniúla i ngach Páirtí bearta chun na hoibreoirí tarlaithe de bhóthar atá bunaithe sa Pháirtí eile a shainaithint, ar oibreoirí iad:

(a) a dhéanann oibríochtaí tarlaithe de bhóthar nach bhfuil údaraithe faoi Airteagal 4, amhail oibríochtaí trastrádála nó cabatáiste;

(b) a bhfuil baint acu le calaois nó le brionnú doiciméad tiománaithe, nó go bhfuil siad ag úsáid na ndoiciméad sin nó ag baint tairbhe astu; nó

(c) a ndearna a dtiománaithe, arís agus arís eile agus go leanúnach, na cionta tromchúiseacha tráchta seo a leanas a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre:

   (i) tiomáint agus é lagaithe ag alcól, mar a shainmhínítear i ndlí na hÚcráine nó i ndlí an Bhallstáit den Aontas Eorpach ina ndearnadh an cion;

   (ii) luasteorainneacha atá i bhfeidhm san Úcráin nó sa Bhallstát den Aontas Eorpach ina ndearnadh an cion don bhóthar nó don chineál feithicle lena mbaineann a shárú;

(iii) tiomáint agus é lagaithe ag drugaí nó substaintí eile a bhfuil éifeachtaí comhchosúla ag baint leo, mar a shainmhínítear i ndlí na hÚcráine nó i ndlí an Bhallstáit den Aontas Eorpach ina ndearnadh an cion;

(iv) iompar lena sáraítear rialacháin um thrácht ar bhóithre, i gcás rialacháin na hÚcráine nó an Bhallstáit den Aontas Eorpach ina ndearnadh an cion, agus ba chúis le bás nó mórdhíobháil choirp.

3. Eisiafaidh na húdaráis inniúla i ngach Páirtí na hoibreoirí tarlaithe de bhóthar atá bunaithe ina gcríoch féin ón bhféidearthacht leas a bhaint as na cearta a leagtar síos sa Chomhaontú seo i gcásanna a bhfuil údar cuí leo a bhaineann le sáruithe faoi mhír 2 (a) agus (b), i gcomhréir le dlíthe gach Páirtí faoi seach.

4. Cuirfidh na húdaráis inniúla i ngach Páirtí in iúl dá chéile, ar bhonn míosúil ar a laghad, faisnéis faoi chéannacht na n-oibreoirí tarlaithe de bhóthar atá bunaithe sa Pháirtí eile a shainaithnítear faoi mhír 2 den Airteagal seo mar oibreoirí a rinne sáruithe, agus faisnéis faoi na bearta leantacha a glacadh chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme i ndáil leis na hoibreoirí tarlaithe de bhóthar atá bunaithe ina gcríoch agus a sainaithníodh faoi mhír 2 mar oibreoirí a rinne sáruithe. Úsáidfear an teimpléad in Iarscríbhinn II chun na críche sin agus leasóidh an Comhchoiste é, de réir mar is gá, i gcomhréir le hAirteagal 7(5). Déanfar é a chur ar fáil ar líne mar dhoiciméad comhroinnte cosanta d’údaráis inniúla gach Páirtí.

5. Tuairisceoidh údaráis inniúla gach Páirtí gach 6 mhí don Chomhchoiste ar na bearta leantacha a ghlacfar i ndáil leis na hoibreoirí tarlaithe de bhóthar atá bunaithe ina gcríoch agus a sainaithníodh faoi mhír 2 den Airteagal seo mar oibreoirí a rinne sáruithe. Féadfaidh an Comhchoiste aon bheart breise is gá a dhéanamh chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 7(5). Féadfaidh sé, go háirithe, de réir mar is gá, rialacha mionsonraithe a ghlacadh maidir leis na módúlachtaí chun faisnéis a mhalartú i ndáil le comhlíonadh oibreoirí tarlaithe de bhóthar faoin Airteagal seo. Féadfar an malartú faisnéise sin a dhéanamh trí nasc na hÚcráine le ERRU.

AIRTEAGAL 5E

Cúnamh frithpháirteach

1. Comhoibreoidh údaráis inniúla gach Páirtí i ndlúthchomhar le chéile agus tabharfaidh siad cúnamh frithpháirteach agus aon fhaisnéis ábhartha eile dá chéile gan mhoill chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú an Chomhaontaithe seo a éascú.

2. Go háirithe, déanfaidh údaráis inniúla gach Páirtí na bearta uile atá ar fáil dóibh faoina ndlíthe faoi seach chun a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán na smachtbhannaí arna bhforchur ag údarás inniúil an Pháirtí eile a bhaineann leis na sáruithe a luaitear faoin dara mír d’Airteagal 5d.’;

(3) in Airteagal 6, cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

‘3. Cuirfear síneadh leis an gComhaontú seo go dtí an 30 Meitheamh 2025. Déanfar é a athnuachan go hintuigthe go ceann tréimhse amháin 6 mhí mura gcuirfidh ceann de na Páirtithe in iúl don Pháirtí eile, trí mhí ar a dhéanaí roimh dhul in éag an Chomhaontaithe seo, nach gcomhaontaíonn sé síneadh a chur leis an gComhaontú seo mar gheall ar fhianaise dhaingean shoiléir gur ann do mhórshuaitheadh ar a mhargadh iompair de bhóthar ina iomláine mar thoradh ar an gComhaontú seo nó gur léir nach bhfuil cuspóirí an Chomhaontaithe seo á gcomhlíonadh a thuilleadh.

4. Chun críocha mhír 3, ciallaíonn ‘mhórshuaitheadh ar mhargadh iompair de bhóthar ceann de na Páirtithe ina iomláine’ go bhfuil fadhbanna ann ar an margadh a bhaineann go sonrach leis an margadh sin, sa chaoi gur mó an soláthar ná an t-éileamh atá ann ar bhealach atá tromchúiseach agus a d’fhéadfadh a bheith marthanach, rud a chiallaíonn go bhfuil bagairt ann do chobhsaíocht airgeadais agus do mharthanas líon suntasach tarlóirí i gcríoch iomlán an Pháirtí sin.’;

(4) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Bunaítear Comhchoiste leis seo. Déanfaidh sé maoirsiú agus faireachán ar chur i bhfeidhm agus ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo agus déanfaidh sé athbhreithniú tréimhsiúil ar fheidhmiú an Chomhaontaithe seo i bhfianaise a chuspóirí, agus, chuige sin, déanfaidh sé cinntí dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo i gcomhréir le mír 5.

Féadfaidh an Comhchoiste a mholadh do na Páirtithe freisin an Comhaontú seo a chur ar fionraí go sealadach, i gcás ina mbeidh fianaise dhaingean shoiléir ann nach bhfuil cuspóirí an Chomhaontaithe seo á gcomhlíonadh a thuilleadh. Bunaithe ar mholadh den sórt sin, féadfaidh gach Páirtí a chinneadh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a chur ar fionraí go sealadach. Tabharfar fógra don Pháirtí eile maidir le fionraí chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe, agus beidh éifeacht leis 15 lá tar éis an fógra a fháil.’;

(5) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

‘AIRTEAGAL 7A

Meitheal *ad hoc* maidir le cur chun feidhme praiticiúil an Chomhaontaithe

1. Bunaítear leis seo meitheal *ad hoc* shonrach chun cur chun feidhme praiticiúil an Chomhaontaithe seo a éascú.

2. Déanfaidh an mheitheal sin a cuid oibre faoi údarás an Chomhchoiste. Ní dhéanfaidh sí cinntí ach féadfaidh sí moltaí a chur faoi bhráid an Chomhchoiste.

3. Beidh an mheitheal *ad hoc* comhdhéanta de 16 Chomhalta, ochtar do thaobh an Aontais agus ochtar do thaobh na hÚcráine.

4. Beidh ionadaí ón Aontas Eorpach agus ionadaí ón Úcráin ina chathaoirleach ar an mheitheal *ad hoc* ar bhonn idirmhalartach. Tionólfar é arna iarraidh sin do cheachtar dá chomhchathaoirligh.

5. Tuairisceoidh an mheitheal *ad hoc* don Chomhchoiste gach 6 mhí ar a laghad.

6. Glacfaidh an mheitheal *ad hoc* a téarmaí tagartha, a dhéanfaidh an Comhchoiste a fhormheas agus a mhodhnú, de réir mar is iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 7(5).’;

(6) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach :

'AIRTEAGAL 9A

Mórshuaitheadh ar mhargadh iompair de bhóthar ceann de na Páirtithe

1. Féadfaidh gach Páirtí cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach, tar éis dul i gcomhairle leis an bPáirtí eile, nó bearta iomchuí a dhéanamh i gcuid dá chríoch faoi seach i gcás mórshuaitheadh ar an margadh iompair de bhóthar sa limistéar geografach lena mbaineann mar thoradh ar an gComhaontú. Measfar feidhm a bheith ag aon fhionraíocht a dhéanfar ar an gComhaontú faoin Airteagal seo maidir le hoibríochtaí iompair de bhóthar a dhéantar sa limistéar geografach lena mbaineann agus maidir le hoibreoirí tarlaithe de bhóthar atá bunaithe sa limistéar geografach sin tráth a dhéanfar an cinneadh. I gcás ina gcuirfear an Comhaontú ar fionraí i gcuid de chríoch Páirtí, ní dhéanfar difear don cheart idirthurais a bhfuil oibreoirí tarlaithe de bhóthar na bPáirtithe ina theideal.

2. Tabharfar fógra don Pháirtí eile maidir le fionraí chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe, agus beidh éifeacht leis 15 lá tar éis an fógra a fháil.

3. Chun críocha mhír 1, i gcás an Aontais Eorpaigh, ciallaíonn 'limistéar geografach' limistéar a chuimsíonn críoch iomlán Ballstáit nó cuid di nó a théann amach chomh fada le críoch iomlán Ballstáit eile nó cuid di.

4. Chun críocha mhír 1, ciallaíonn 'mórshuaitheadh ar an margadh iompair de bhóthar sa limistéar geografach lena mbaineann' go bhfuil fadhbanna ann ar an margadh a bhaineann go sonrach leis an margadh sin, sa chaoi gur mó an soláthar ná an t-éileamh atá ann ar bhealach atá tromchúiseach agus a d'fhéadfadh a bheith marthanach, rud a chiallaíonn go bhfuil bagairt ann do chobhsaíocht airgeadais agus do mharthanas líon suntasach tarlóirí sa limistéar geografach sin.

5. Fanfaidh bearta a ghlactar i gcomhréir leis an Airteagal seo i bhfeidhm go ceann tréimhse nach faide ná 3 mhí, ar lena linn a fhéadfaidh an Páirtí dá ndéantar difear bearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an suaitheadh. An Páirtí a chuir cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ar fionraí, cuirfidh sé an Páirtí eile ar an eolas láithreach a luaithe nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag cúiseanna na fionraí, d’fhonn cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe a atosú.’;

(7) cuirtear na hiarscríbhinní seo a leanas leis:

‘IARSCRÍBHINN I




Fad: 5 cm

IARSCRÍBHINN II

| Comhlíontacht na n-oibreoirí tarlaithe de bhóthar | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Céannacht, seoladh agus uimhir cheadúnais | Tír bunaíochta | Dáta, líon agus cineál na gcionta | Údarás rialaithe | Bearta leantacha |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

’.

## AIRTEAGAL 2

### Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm sealadach

1. Daingneoidh nó formheasfaidh na Páirtithe an Comhaontú seo i gcomhréir lena nósanna imeachta féin. Tiocfaidh an Comhaontú leasaitheach seo i bhfeidhm ar an lá a thabharfaidh an dá Pháirtí fógra dá chéile gur cuireadh i gcrích a nósanna imeachta dlíthiúla inmheánacha faoi seach is gá chun na críche sin.

2. D'ainneoin mhír 1, comhaontaíonn an tAontas Eorpach agus an Úcráin an Comhaontú leasaitheach seo a chur i bhfeidhm go sealadach ón dáta a síneofar é ar aghaidh.

3. Chun críocha fhorálacha ábhartha an Chomhaontaithe leasaithigh seo, aon tagairt sna forálacha sin do 'dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo', tuigfear go dtagraíonn sí don 'dáta óna gcuirfear an Comhaontú leasaitheach seo i bhfeidhm go sealadach' i gcomhréir le mír 2.

Arna dhéanamh i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, tSualainnis, san Úcráinis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag gach ceann de na téacsanna sin.

Á FHIANÚ SIN, tá na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe, agus iad údaraithe go cuí chuige sin, tar éis an Comhaontú seo a shíniú.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann an Aontais Eorpaigh

Thar ceann na hÚcráine